C/2024/5880

27.9.2024

Tiomsú de na liostaí náisiúnta rialaithe faoi Airteagal 9(4) de Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú ([1])

(C/2024/5880)

Le hAirteagal 9(4) de Rialachán (AE) 2021/821 (dá ngairtear 'an Rialachán' anseo thíos), ceanglaítear go bhfoilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tiomsú de na liostaí náisiúnta rialaithe atá i bhfeidhm sna Ballstáit agus a dtugtar fógra ina leith don Choimisiún agus do na Ballstáit eile de bhun Airteagal 9 den Rialachán.

Le hAirteagal 10(1) den Rialachán, cuirtear ar chumas na mBallstát eile ceanglas údarúcháin a fhorchur maidir le honnmhairiú ítimí ar bhonn liosta náisiúnta rialaithe arna ghlacadh ag Ballstát agus arna fhoilsiú ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 9(4) den Rialachán.

Tiomsaítear sa nóta faisnéise seo na liostaí náisiúnta rialaithe arna nglacadh ag an Spáinn an 31 Bealtaine 2023, an Ísiltír an 23 Meitheamh 2023 agus an Fhrainc an 2 Feabhra 2024; agus ar tugadh fógra ina leith de bhun Airteagal 9(2) sin den Rialachán.

Mura sonraítear a mhalairt sna hiontrálacha thíos, tá na liostaí náisiúnta rialaithe infheidhme maidir le honnmhairí chuig gach ceann scríbe lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais.

Mura sonraítear a mhalairt sna hiontrálacha thíos, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na sainmhínithe in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán.

CATAGÓIR 1 – ÁBHAIR SPEISIALTA AGUS TREALAMH GAOLMHAR

1B Trealamh Tástála, Iniúchta agus Táirgthe

1B1901 ([2])

Arna eisiúint ag an Spáinn ([3])

Faisnéis bhreise:

Tuairisc ar na hítimí rialaithe:

Trealamh monaraíochta suimithí atá deartha nó modhnaithe chun gairis nó cruthanna pléascacha, piriteicniúla nó tiomántáin a tháirgeadh ó ábhair fhuinniúla, agus ar fíor ina leith aon cheann de na saintréithe seo a leanas:

a. Tá siad deartha nó modhnaithe chun na caighdeáin náisiúnta sábháilteachta is infheidhme maidir le timpeallachtaí ina bhfuil armlón a d'fhéadfadh a bheith pléascach a chomhlíonadh; nó

b. Easbhrúiteoir ultrasonach amháin nó níos mó.

CATAGÓIR 3 - LEICTREONAIC

3A Córais, Trealamh agus Comhpháirteanna

3A1901.a.15 ([4])

Arna eisiúint ag an bhFrainc ([5])

([1]) IO L 206, 11.6.2021, lch. 1.
([2]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 1.B.901.
([3]) Iarscríbhinn III.5 a ghabhann le Foraithne Ríoga 679/2014 an 1 Lúnasa 2014, a tháinig i bhfeidhm an 7 Meitheamh 2023.
([4]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3A901.a.15.
([5]) Ordú an 2 Feabhra 2024 maidir le honnmhairiú earraí agus teicneolaíochtaí a bhaineann le ríomhairí candamacha agus a dteicneolaíochtaí cumasúcháin chuig tríú tíortha, agus onnmhairiú trealaimh chun comhpháirteanna ardfhorbartha leictreonacha a dhearadh, a fhorbairt, a tháirgeadh, a thástáil agus a iniúchadh.

Faisnéis bhreise:

Tuairisc ar na hítimí rialaithe:

Ciorcaid iomlánaithe Leathsheoltóra Chomhlántacha um Ocsaíd Mhiotail (CMOS), nach bhfuil sonraithe in 3A001.a.2. den Rialachán, atá deartha chun oibriú ag teocht chomhthimpeallach arb ionann í agus 4.5 K (-268.65 C) nó ar lú (ar fearr) í ná sin.

Nóta Teicniúil

Chun críocha 3A1901.a.15, tugtar CMOS crióigineach nó crió-CMOS ar chiorcaid iomlánaithe CMOS freisin.

3B Trealamh Tástála, Iniúchta agus Táirgthe

3B1001.a.4 ([6])

Arna eisiúint ag an Ísiltír ([7])

Faisnéis bhreise:

Tuairisc ar na hítimí rialaithe:

Trealamh atá deartha le haghaidh sileacain (Si), sileacan dópáilte carbóin, gearmáiniam sileacain (SiGe), nó fás eipealuadrach SiGe dópáilte carbóin, a bhfuil na saintréithe uile seo a leanas aige:

1. Tá iliomad cuasán acu agus coimeádann siad ardfholús (arb ionann é agus 0.01 Pa nó ar lú é ná sin) nó timpeallacht thámh (brú páirteach uisce agus ocsaigine níos lú ná 0.01 Pa) idir céimeanna próisis;
2. Tá cuasán réamhchóireála amháin ar a laghad acu atá deartha le haghaidh ullmhúchán dromchla chun dromchla sliseog a ghlanadh; agus
3. Teocht oibriúcháin deascaidh eipealuadraigh 685° C nó níos lú.

3B1001.d.12 ([8])

Arna eisiúint ag an Ísiltír ([9])

Faisnéis bhreise:

Tuairisc ar na hítimí rialaithe:

Trealamh le haghaidh Deascadh Ciseal Adamhach (ALD) de mhiotail 'feidhm oibre'

a. ag a bhfuil na saintréithe uile seo a leanas:
    1. Tá níos mó ná foinse miotail amháin acu, ar forbraíodh ceann amháin díobh le haghaidh ábhar dúisithe alúmanaim (AI) ('réamhtheachtaí'); agus
    2. Soitheach réamhtheachtach atá deartha le haghaidh teochtaí ar mó iad ná 45° C; agus
b. Deartha chun miotal 'feidhm oibre' a dheascadh ag a bhfuil na saintréithe uile seo a leanas:
    1. Deascadh cairbíde alúmanaim tíotáiniam (TiAlC); agus
    2. Cumasaíonn 'feidhm oibre' ar mó í ná 4.0 eV.

([6]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3B001.a.4.

([7]) Rialachán ón Aire um Thrádáil Eachtrach agus um Chomhar um Fhorbairt an 23 Meitheamh 2023, Uimh. MinBuza.2023.15246-27 lena dtugtar isteach oibleagáid cheadúnais chun ardtrealamh táirgthe a onnmhairiú le haghaidh leathsheoltóirí nach luaitear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán 2021/821 (Rialachán maidir le hardtrealamh táirgthe le haghaidh leathsheoltóirí), a tháinig i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2023.

([8]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3B001.d.12.

([9]) Rialachán ón Aire um Thrádáil Eachtrach agus um Chomhar um Fhorbairt an 23 Meitheamh 2023, Uimh. MinBuza.2023.15246-27 lena dtugtar isteach oibleagáid cheadúnais chun ardtrealamh táirgthe a onnmhairiú le haghaidh leathsheoltóirí nach luaitear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán 2021/821 (Rialachán maidir le hardtrealamh táirgthe le haghaidh leathsheoltóirí), a tháinig i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2023.

Nóta Teicniúil

1. Is é is 'miotal feidhme oibre' ann ábhar a rialaíonn voltas tairsí trasraitheora.

3B1001.d.19 ([10])

Arna eisiúint ag an Ísiltír ([11])

Faisnéis bhreise:

Tuairisc ar na hítimí rialaithe:

Trealamh atá deartha le haghaidh deascadh plasma feabhsaithe saor ó fholús de chiseal tréleictreach íseal-k i mbearnaí idir línte miotail ar lú iad ná 25 nm ar leithead agus a bhfuil cóimheas treoíochta acu ar mó é ná 1:1 nó arb ionann é agus sin, agus tairiseach tréleictreach ar lú é ná 3.3.

3B1001.f.4 ([12])

Arna eisiúint ag an Ísiltír ([13])

Faisnéis bhreise:

Tuairisc ar na hítimí rialaithe:

Trealamh liteagrafach, mar seo a leanas:

a. Trealamh céime agus athdhéanta (céim dhíreach ar an tsliseog) nó trealamh céime agus scanta (scanóir) d'ailíniú agus do nochtadh chun sliseoga a phróiseáil trí mhodhanna fóta-optúla nó x-ghathacha, ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:

   1. tá tonnfhad na foinse solais aige ar giorra é ná 193 nm; nó

   2. tá tonnfhad na foinse solais aige arb ionann é agus 193 nm nó ar faide é ná sin:

      a. tá ar a chumas patrún a tháirgeadh a bhfuil 'Méid na Tréithe Intaifithe is Lú' (MRF) aige arb ionann í agus 45 nm nó ar lú í ná sin; agus

      b. tá uasluach 'forleagan crágáin tiomnaithe' (DCO) aige ar lú é ná 1,50 nm nó arb ionann é agus sin.

Nóta teicniúil:

1. Déantar 'Méid na Tréithe Intaifithe is Lú' (MRF) a ríomh de réir na foirmle seo a leanas:

$$\text{'MRF'} = \frac{\text{(tonnfhad foinse solais um nochtadh in nm) x (fachtóir K)}}{\text{Cró uimhriúil uasta}}$$

agus an fachtóir K = 0.25.

Tugtar réiteach ar 'MRF' freisin.

2. Is é is 'forleagan crágáin tiomnaithe' ann, cruinneas ailínithe patrúin nua le patrún atá ann cheana agus atá priontáilte ar shliseog ag an gcóras liteagrafach céanna.

([10]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3B001.d.19.

([11]) Rialachán ón Aire um Thrádáil Eachtrach agus um Chomhar um Fhorbairt an 23 Meitheamh 2023, Uimh. MinBuza.2023.15246-27 lena dtugtar isteach oibleagáid cheadúnais chun ardtrealamh táirgthe a onnmhairiú le haghaidh leathsheoltóirí nach luaitear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán 2021/821 (Rialachán maidir le hardtrealamh táirgthe le haghaidh leathsheoltóirí), a tháinig i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2023.

([12]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3B001.f.4.

([13]) Rialachán ón Aire um Thrádáil Eachtrach agus um Chomhar um Fhorbairt an 23 Meitheamh 2023, Uimh. MinBuza.2023.15246-27 lena dtugtar isteach oibleagáid cheadúnais chun ardtrealamh táirgthe a onnmhairiú le haghaidh leathsheoltóirí nach luaitear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán 2021/821 (Rialachán maidir le hardtrealamh táirgthe le haghaidh leathsheoltóirí), a tháinig i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2023.

3B1001.l ([14])

Arna eisiúint ag an Ísiltír ([15])

Faisnéis bhreise:

Tuairisc ar na hítimí rialaithe:

Peillicíní EUV

3B1001.m ([16])

Arna eisiúint ag an Ísiltír ([17])

Faisnéis bhreise:

Tuairisc ar na hítimí rialaithe:

Trealamh táirgthe le haghaidh peillicíní EUV

3B1901 ([18])

Arna eisiúint ag an Spáinn ([19])

Faisnéis bhreise:

Tuairisc ar na hítimí rialaithe:

Trealamh leictreonmhicreascóp scanacháin atá deartha chun feistí leathsheoltóra nó ciorcaid iomlánaithe a íomháú, ar fíor ina leith na saintréithe uile seo a leanas:

a. Tá cruinneas suite céime acu arb ionann é agus 30 nm nó ar lú é ná sin;

b. Cruinneas suite céime a dhéantar le trasnamhéadracht léasair;

c. Calabrú suímh laistigh de réimse radhairc bunaithe ar thomhas fadscála trasnamhéadair léasair;

d. Tá ar a gcumas íomhánna a bhfuil níos mó ná $2x10^8$ bpicteilín acu a bhailiú agus a stóráil;

e. Tá forluí réimse radhairc acu ar lú é ná 5 % i dtreonna ingearacha agus cothrománacha;

f. Tá fuáil forluí réimse radhairc acu ar lú é ná 50 nm; agus

g. Tá voltas luasghéaraithe acu ar mó é ná 21 kV;

Tabhair faoi deara:

Áirítear le 3B1901 trealamh leictreonmhicreascóp scanacháin atá deartha chun sliseanna a dheisiú.

3B1902 ([20])

Arna eisiúint ag an Spáinn ([21])

([14]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3B001.l.

([15]) Rialachán ón Aire um Thrádáil Eachtrach agus um Chomhar um Fhorbairt an 23 Meitheamh 2023, Uimh. MinBuza.2023.15246-27 lena dtugtar isteach oibleagáid cheadúnais chun ardtrealamh táirgthe a onnmhairiú le haghaidh leathsheoltóirí nach luaitear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán 2021/821 (Rialachán maidir le hardtrealamh táirgthe le haghaidh leathsheoltóirí), a tháinig i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2023.

([16]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3B001.m.

([17]) Rialachán ón Aire um Thrádáil Eachtrach agus um Chomhar um Fhorbairt an 23 Meitheamh 2023, Uimh. MinBuza.2023.15246-27 lena dtugtar isteach oibleagáid cheadúnais chun ardtrealamh táirgthe a onnmhairiú le haghaidh leathsheoltóirí nach luaitear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán 2021/821 (Rialachán maidir le hardtrealamh táirgthe le haghaidh leathsheoltóirí), a tháinig i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2023.

([18]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3.B.901.

([19]) Iarscríbhinn III.5 a ghabhann le Foraithne Ríoga 679/2014 an 1 Lúnasa 2014, a tháinig i bhfeidhm an 7 Meitheamh 2023.

([20]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3.B.902.

([21]) Iarscríbhinn III.5 a ghabhann le Foraithne Ríoga 679/2014 an 1 Lúnasa 2014, a tháinig i bhfeidhm an 7 Meitheamh 2023.

Faisnéis bhreise:

Tuairisc ar na hítimí rialaithe:

Trealamh atá deartha chun eitseáil thirim a dhéanamh ar fíor ina leith aon cheann de na saintréithe seo a leanas:

1. Trealamh atá deartha nó atá modhnaithe le haghaidh eitseáil thirim iseatrópach, a bhfuil roghnaíocht eitseála gearmáiniam sileacain go sileacan (SiGe:Si) aige ar mó í ná 100: 1 nó arb ionann í agus sin; nó
2. Trealamh atá deartha nó atá modhnaithe le haghaidh eitseáil thirim ainiseatrópach, ar fíor ina leith na saintréithe uile seo a leanas;
   a. Foinsí cumhachta radaimhinicíochta ag a bhfuil aschur radaimhinicíochta bíogach amháin ar a laghad;
   b. Comhlaí mear-lasctha gáis tapúla a bhfuil aga lasctha acu ar lú é ná 300 milleasoicind; agus
   c. Crágán leictreastatach a bhfuil fiche eilimint teochta inathraithe inrialaithe nó níos mó aige.

Nóta 1:

Áirítear le 3B1902 eitseáil trí fhréamhacha, iain, imoibrithe seicheamhacha nó imoibrithe neamhsheicheamhacha.

Nóta 2:

Áirítear le 3B1902 eitseáil trí úsáid a bhaint as plasma a scaoiltear le bíog RF, plasma atá corraithe le dleacht-thimthriall bíogach, plasma atá modhnaithe le voltas bíogach ar leictreoidí, instealladh timthriallach agus íonú gás in éineacht le plasma, eitseáil ciseal adamhach plasma nó eitseáil ciseal cuasadamhach plasma.

Nóta Teicniúil 1:

Chun críoch 3B1902, tomhaistear roghnaíocht eitseála gearmáiniam sileacain go sileacan (SiGe:Si) le haghaidh tiúchan Ge ar mó í ná 30 % nó arb ionann í agus 30 % ($Si_{0,70}Ge_{0,30}$).

Nóta Teicniúil 2:

Chun críoch 3B1902, sainmhínítear radacach mar adamh, móilín, nó ian a bhfuil leictreon neamhphéireáilte aige i gcumraíocht leictreonsceall oscailte.

3B1903 ([22])

Arna eisiúint ag an bhFrainc ([23])

Faisnéis bhreise:

Tuairisc ar na hítimí rialaithe:

Leictreonmhicreascóp Scanacháin atá deartha chun feistí leathsheoltóra nó ciorcaid iomlánaithe a íomháú, ar fíor ina leith gach ceann díobh seo a leanas:

a. Tá cruinneas suite céime acu ar lú (ar fearr) é ná 30 nm;
b. Tomhas suite céime a dhéantar ag úsáid trasnamhéadracht léasair;
c. Calabrú suímh laistigh de réimse radhairc bunaithe ar thomhas-scála trasnamhéadair léasair;
d. Bailiú agus stóráil íomhánna a bhfuil níos mó ná 2 x 10^8 bpicteilín acu;
e. Tá forluí réimse radhairc acu ar lú é ná 5 % i dtreonna ingearacha agus cothrománacha;
f. Tá forluí réimse radhairc acu ar lú é ná 50 nm; agus
g. Tá voltas luasghéaraithe acu ar mó é ná 21 kV.

([22]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3B903.
([23]) Ordú an 2 Feabhra 2024 maidir le honnmhairiú earraí agus teicneolaíochtaí a bhaineann le ríomhairí candamacha agus a dteicneolaíochtaí cumasúcháin chuig tríú tíortha, agus onnmhairiú trealaimh chun comhpháirteanna ardfhorbartha leictreonacha a dhearadh, a fhorbairt, a tháirgeadh, a thástáil agus a iniúchadh.

Nóta 1:

Áirítear le 3B1903 trealamh leictreonmhicreascópachta scanacháin atá deartha le haghaidh athshlánú dhearadh na sliseanna.

Nóta 2:

Níl feidhm ag 3B1903 maidir le trealamh leictreonmhicreascópachta scanacháin atá deartha chun glacadh le hiompróir sliseog caighdeánach SEMI, amhail Coimeádán Aontaithe Tús-Oscailte atá 200 mm nó níos mó.

3B1904 ([24])

Arna eisiúint ag an bhFrainc ([25])

Faisnéis bhreise:

Tuairisc ar na hítimí rialaithe:

Trealamh atá deartha le haghaidh eitseáil thirim ar fíor ina leith gach ceann díobh seo a leanas:

1. Trealamh atá deartha nó atá modhnaithe le haghaidh eitseáil thirim iseatrópach, a bhfuil 'roghnaíocht eitseála gearmáiniam sileacain go sileacan (SiGe:Si)' aige ar mó í ná 100:1 nó arb ionann í agus sin; nó
2. Trealamh atá deartha nó atá modhnaithe le haghaidh eitseáil thirim ainiseatrópach, ar fíor ina leith gach ceann díobh seo a leanas;
   a. Foinsí cumhachta radaimhinicíochta ag a bhfuil aschur radaimhinicíochta bíogach amháin ar a laghad;
   b. Comhlaí mearlasctha gáis tapúla amháin nó níos mó a bhfuil aga lasctha acu ar lú é ná 300 milleasoicind; agus
   c. Crágán leictreastatach ag a bhfuil fiche eilimint teochta inathraithe inrialaithe nó níos mó.

Nóta 1:

Áirítear le 3B1904 eitseáil trí 'fhréamhacha', iain, imoibrithe seicheamhacha nó imoibrithe neamhsheicheamhacha.

Nóta 2:

Áirítear le 3B1904 eitseáil trí úsáid a bhaint as plasma a scaoiltear le bíog cumhachta radaimhinicíochta, plasma atá corraithe le dleacht-thimthriall bíogach, voltas bíogach ar phlasma modhnaithe leictreoidí, instealladh timthriallach agus íonú gás in éineacht le plasma, eitseáil ciseal adamhach plasma nó eitseáil ciseal cuasadamhach plasma.

Nóta Teicniúil 1:

Chun críocha 3B1904, tomhaistear 'roghnaíocht eitseála gearmáiniam sileacain go sileacan (SiGe:Si)' le haghaidh tiúchan Ge ar mó í ná 30 % nó arb ionann í agus 30 % (Si0.70Ge0.30).

Nóta Teicniúil 2:

Chun críocha 3B1904, sainmhínítear 'radacach' mar adamh, móilín, nó ian a bhfuil leictreon neamhphéireáilte aige i gcumraíocht leictreonsceall oscailte.

3D Bogearraí

3D1007 ([26])

Arna eisiúint ag an Ísiltír ([27])

([24]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3B901.k.

([25]) Ordú an 2 Feabhra 2024 maidir le honnmhairiú earraí agus teicneolaíochtaí a bhaineann le ríomhairí candamacha agus a dteicneolaíochtaí cumasúcháin chuig tríú tíortha, agus onnmhairiú trealaimh chun comhpháirteanna ardfhorbartha leictreonacha a dhearadh, a fhorbairt, a tháirgeadh, a thástáil agus a iniúchadh.

([26]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3D007.

([27]) Rialachán ón Aire um Thrádáil Eachtrach agus um Chomhar um Fhorbairt an 23 Meitheamh 2023, Uimh. MinBuza.2023.15246-27 lena dtugtar isteach oibleagáid cheadúnais chun ardtrealamh táirgthe a onnmhairiú le haghaidh leathsheoltóirí nach luaitear in

Faisnéis bhreise:

Tuairisc ar na hítimí rialaithe:

Bogearraí atá saindeartha chun na hearraí a shonraítear sa scéim seo a fhorbairt, a tháirgeadh nó a úsáid faoi cheannteidil 3B1001.l, 3B1001.m, 3B1001.f.4, 3B1001.d.12, 3B1001.a.4 nó 3B1001.d.19.

3D1901 ([28])

Arna eisiúint ag an Spáinn ([29])

Faisnéis bhreise:

Tuairisc ar na hítimí rialaithe:

Bogearraí atá deartha chun sonraí GDSII nó sonraí coibhéiseacha leagain amach chaighdeánaigh a bhaint amach agus ailíniú ciseal go ciseal a dhéanamh ó íomhánna leictreonmhicreascóp a scanadh, agus sonraí ilchiseal GDSII nó glanliosta ciorcaid a ghiniúint.

Nóta Teicniúil:

Ciallaíonn GDSII (Córas Deartha Grafach II) formáid comhaid bunachar sonraí le haghaidh malartú sonraí i leith obair ealaíne ciorcaid iomlánaithe nó obair ealaíne leagan amach ciorcaid iomlánaithe.

3D1902 ([30])

Arna eisiúint ag an bhFrainc ([31])

Faisnéis bhreise:

Tuairisc ar na hítimí rialaithe:

'Bogearraí' atá saindeartha chun trealamh a shonraítear in 3B1904 a 'úsáid'.

3D1907 ([32])

Arna eisiúint ag an bhFrainc ([33])

Faisnéis bhreise:

Tuairisc ar na hítimí rialaithe:

'Bogearraí' atá deartha chun sonraí GDSII nó sonraí coibhéiseacha leagain amach chaighdeánaigh a bhaint amach agus ailíniú ciseal go ciseal a dhéanamh ó íomhánna leictreonmhicreascóp a scanadh, agus sonraí ilchiseal GDSII nó an glanliosta ciorcaid a ghiniúint.

Tabhair faoi deara:

Is bunachar sonraí i bhformáid comhaid é 'GDSII'('Caighdeán II an Bhunachair Sonraí Geoiméadracha') le haghaidh malartú sonraí ciorcaid iomlánaithe nó obair ealaíne leagan amach ciorcaid iomlánaithe.

Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán 2021/821 (Rialachán maidir le hardtrealamh táirgthe le haghaidh leathsheoltóirí), a tháinig i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2023.

([28]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3.D.901.

([29]) Iarscríbhinn III.5 a ghabhann le Foraithne Ríoga 679/2014 an 1 Lúnasa 2014, a tháinig i bhfeidhm an 7 Meitheamh 2023.

([30]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3.D.902.

([31]) Ordú an 2 Feabhra 2024 maidir le honnmhairiú earraí agus teicneolaíochtaí a bhaineann le ríomhairí candamacha agus a dteicneolaíochtaí cumasúcháin chuig tríú tíortha, agus onnmhairiú trealaimh chun comhpháirteanna ardfhorbartha leictreonacha a dhearadh, a fhorbairt, a tháirgeadh, a thástáil agus a iniúchadh.

([32]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3D907.

([33]) Ordú an 2 Feabhra 2024 maidir le honnmhairiú earraí agus teicneolaíochtaí a bhaineann le ríomhairí candamacha agus a dteicneolaíochtaí cumasúcháin chuig tríú tíortha, agus onnmhairiú trealaimh chun comhpháirteanna ardfhorbartha leictreonacha a dhearadh, a fhorbairt, a tháirgeadh, a thástáil agus a iniúchadh.

3E Teicneolaíocht

3E1005 ([34])

Arna eisiúint ag an Ísiltír ([35])

Faisnéis bhreise:

Tuairisc ar na hítimí rialaithe:

Teicneolaíocht atá riachtanach le haghaidh fhorbairt, tháirgeadh nó úsáid na n-earraí a shonraítear sa scéim seo faoi cheannteidil 3B1001.l, 3B1001.m, 3B1001.f.4, 3B1001.d.12, 3B1001.a.4 nó 3B1001.d.19.

3E1901 ([36])

Arna eisiúint ag an Spáinn ([37])

Faisnéis bhreise:

Tuairisc ar na hítimí rialaithe:

Teicneolaíocht chun micreascóip leictreonacha scanacháin a shonraítear in 3B1901 a fhorbairt nó a tháirgeadh.

3E1902 ([38])

Arna eisiúint ag an Spáinn ([39])

Faisnéis bhreise:

Tuairisc ar na hítimí rialaithe:

Teicneolaíocht chun bogearraí a shonraítear in 3D1901 a fhorbairt nó a tháirgeadh.

3E1903 ([40])

Arna eisiúint ag an Spáinn ([41])

Faisnéis bhreise:

Tuairisc ar na hítimí rialaithe:

Teicneolaíocht chun trealamh atá deartha le haghaidh eitseáil thirim a shonraítear le 3B1902 a fhorbairt nó a tháirgeadh.

3E1904 ([42])

Arna eisiúint ag an Spáinn ([43])

Faisnéis bhreise:

Tuairisc ar na hítimí rialaithe:

([34]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3E005.
([35]) Rialachán ón Aire um Thrádáil Eachtrach agus um Chomhar um Fhorbairt an 23 Meitheamh 2023, Uimh. MinBuza.2023.15246-27 lena dtugtar isteach oibleagáid cheadúnais chun ardtrealamh táirgthe a onnmhairiú le haghaidh leathsheoltóirí nach luaitear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán 2021/821 (Rialachán maidir le hardtrealamh táirgthe le haghaidh leathsheoltóirí), a tháinig i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2023.
([36]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3.E.901.
([37]) Iarscríbhinn III.5 a ghabhann le Foraithne Ríoga 679/2014 an 1 Lúnasa 2014, a tháinig i bhfeidhm an 7 Meitheamh 2023.
([38]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3.E.902.
([39]) Iarscríbhinn III.5 a ghabhann le Foraithne Ríoga 679/2014 an 1 Lúnasa 2014, a tháinig i bhfeidhm an 7 Meitheamh 2023.
([40]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3.E.903.
([41]) Iarscríbhinn III.5 a ghabhann le Foraithne Ríoga 679/2014 an 1 Lúnasa 2014, a tháinig i bhfeidhm an 7 Meitheamh 2023.
([42]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3.E.904.
([43]) Iarscríbhinn III.5 a ghabhann le Foraithne Ríoga 679/2014 an 1 Lúnasa 2014, a tháinig i bhfeidhm an 7 Meitheamh 2023.

Teicneolaíocht chun ciorcaid nó feistí iomlánaithe a fhorbairt nó a tháirgeadh, lena n-úsáidtear struchtúir trasraitheora tionchair réimse geata uileghabhálacha (GAAFET).

3E1905 ([44])

Arna eisiúint ag an bhFrainc ([45])

Faisnéis bhreise:

Tuairisc ar na hítimí rialaithe:

'Teicneolaíocht' de réir bhrí an Nóta Ghinearálta maidir le Teicneolaíocht in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán maidir le 'forbairt' nó 'táirgeadh' ciorcad iomlánaithe agus feistí ina n-úsáidtear struchtúir 'trasraitheora tionchair réimse geata uileghabhálacha' ('GAAFET').

Nóta 1:

Áirítear le 3E1905 'oidis phróisis'.

Nóta 2:

Níl feidhm ag 3E1905 maidir le cáilíocht ná cothabháil uirlisí.

Nóta 3:

Ní rialaítear le 3E1905 'Fearais Deartha Próisis' mura n-áirítear iontu leabharlanna a chuireann feidhmeanna nó teicneolaíochtaí chun feidhme le haghaidh na n-ítimí atá sonraithe in 3A001 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán nó in 3A1901.a.15.

Nótaí Teicniúla:

Chun críocha 3E1905, is éard atá in 'oideas próisis' sraith coinníollacha agus paraiméadar le haghaidh céim áirithe de phróiseas. Is éard atá i 'bhFearas Deartha Próisis' uirlis bogearraí arna soláthar ag monaróir leathsheoltóra chun a áirithiú go gcuirtear na cleachtais agus na rialacha deartha is gá san áireamh chun dearadh ciorcaid iomlánaithe sonrach a tháirgeadh i bpróiseas leathsheoltóra ar leith, i gcomhréir le srianta teicneolaíochta agus monaraíochta (bíonn 'fearas deartha próisis' ar leith ag gach próiseas monaraithe leathsheoltóra).

3E1906 ([46])

Arna eisiúint ag an bhFrainc ([47])

Faisnéis bhreise:

Tuairisc ar na hítimí rialaithe:

'Teicneolaíocht' de réir bhrí an Nóta Ghinearálta maidir le Teicneolaíocht in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán maidir le 'forbairt' nó 'táirgeadh' trealaimh nó ábhar a shonraítear in 3A1901.a.15, 3B1904, 3B1903.

Tabhair faoi deara:

Ní rialaítear le 3E1906 'Fearais Deartha Próisis' mura n-áirítear iontu leabharlanna a chuireann feidhmeanna nó teicneolaíochtaí chun feidhme le haghaidh na n-ítimí atá sonraithe in 3A001 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán nó in 3A1901.a.15.

([44]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3E905.
([45]) Ordú an 2 Feabhra 2024 maidir le honnmhairiú earraí agus teicneolaíochtaí a bhaineann le ríomhairí candamacha agus a dteicneolaíochtaí cumasúcháin chuig tríú tíortha, agus onnmhairiú trealaimh chun comhpháirteanna ardfhorbartha leictreonacha a dhearadh, a fhorbairt, a tháirgeadh, a thástáil agus a iniúchadh.
([46]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3E901.
([47]) Ordú an 2 Feabhra 2024 maidir le honnmhairiú earraí agus teicneolaíochtaí a bhaineann le ríomhairí candamacha agus a dteicneolaíochtaí cumasúcháin chuig tríú tíortha, agus onnmhairiú trealaimh chun comhpháirteanna ardfhorbartha leictreonacha a dhearadh, a fhorbairt, a tháirgeadh, a thástáil agus a iniúchadh.

Nóta Teicniúil:

Is éard atá i 'bhFearas Deartha Próisis' uirlis bogearraí arna soláthar ag monaróir leathsheoltóra chun a áirithiú go gcuirtear na cleachtais agus na rialacha deartha is gá san áireamh chun dearadh ciorcaid iomlánaithe sonrach a tháirgeadh i bpróiseas leathsheoltóra ar leith, i gcomhréir le srianta teicneolaíochta agus monaraíochta (bíonn 'fearas deartha próisis' ar leith ag gach próiseas monaraithe leathsheoltóra).

CATAGÓIR 4 - RÍOMHAIRÍ

4A Córais, Trealamh agus Comhpháirteanna

4A1901 ([48])

Arna eisiúint ag an Spáinn ([49])

Faisnéis bhreise:

Tuairisc ar na hítimí rialaithe:

Ríomhairí candamacha agus cóimeálacha leictreonacha gaolmhara agus comhpháirteanna lena n-aghaidh, mar seo a leanas:

a. Ríomhairí candamacha, i gcomhréir leis na ceanglais seo a leanas:

   1. Ríomhairí candamacha a thacaíonn le 34 chandamghiotán fhisiceacha nó níos mó ach níos lú ná 100 ceann acu, atá rialaithe go hiomlán, nasctha agus feidhmiúil agus a bhfuil earráid C-NOT acu ar lú í ná 10^{-4} nó arb ionann í agus sin;

   2. Ríomhairí candamacha a thacaíonn le 100 candamghiotán fisiceach nó níos mó ach níos lú ná 200 ceann acu, atá rialaithe go hiomlán, nasctha agus feidhmiúil agus a bhfuil earráid C-NOT acu ar lú í ná 10^{-3} nó arb ionann í agus sin;

   3. Ríomhairí candamacha a thacaíonn le 200 candamghiotán fisiceach nó níos mó ach níos lú ná 350 ceann acu, atá rialaithe go hiomlán, nasctha agus feidhmiúil agus a bhfuil earráid C-NOT acu ar lú í ná $2x10^{-3}$ nó arb ionann í agus sin;

   4. Ríomhairí candamacha a thacaíonn le 350 candamghiotán fisiceach nó níos mó ach níos lú ná 500 ceann acu, atá rialaithe go hiomlán, nasctha agus feidhmiúil agus a bhfuil earráid C-NOT acu ar lú í ná $3x10^{-3}$ nó arb ionann í agus sin;

   5. Ríomhairí candamacha a thacaíonn le 500 candamghiotán fisiceach nó níos mó ach níos lú ná 700 ceann acu, atá rialaithe go hiomlán, nasctha agus feidhmiúil agus a bhfuil earráid C-NOT acu ar lú í ná $4x10^{-3}$ nó arb ionann í agus sin;

   6. Ríomhairí candamacha a thacaíonn le 700 candamghiotán fisiceach nó níos mó ach níos lú ná 1 100 ceann acu, atá rialaithe go hiomlán, nasctha agus feidhmiúil agus a bhfuil earráid C-NOT acu ar lú í ná $5x10^{-3}$ nó arb ionann í agus sin;

   7. Ríomhairí candamacha a thacaíonn le 1 100 candamghiotán fisiceach nó níos mó ach níos lú ná 2 000 ceann acu, atá rialaithe go hiomlán, nasctha agus feidhmiúil agus a bhfuil earráid C-NOT acu ar lú í ná $6x10^{-3}$ nó arb ionann í agus sin;

   8. Ríomhairí candamacha a thacaíonn le 2 000 candamghiotán fisiceach nó níos mó atá rialaithe go hiomlán, nasctha agus feidhmiúil;

b. Feistí candamghiotáin agus ciorcaid chandamghiotáin ina bhfuil eagair de chandamghiotáin fhisiceacha nó a thacaíonn leo, agus atá saindeartha le haghaidh ítimí a shonraítear in 4A1901;

c. Comhpháirteanna rialaithe candaim agus feistí tomhais candaim atá saindeartha le haghaidh ítimí a shonraítear in 4A1901;

Nótaí:

1. *Tá feidhm ag 4A1901 maidir le ríomhairí candamacha samhla ciorcaid (nó 'geatabhunaithe') agus ríomhairí candamacha aonbhealaigh (nó 'tomhasbhunaithe' - MBQC).*

([48]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 4.A.901.

([49]) Iarscríbhinn III.5 a ghabhann le Foraithne Ríoga 679/2014 an 1 Lúnasa 2014, a tháinig i bhfeidhm an 7 Meitheamh 2023.

2. *Ní gá go mbeadh aon chandamghiotán go fisiceach in ítimí a shonraítear in 4A1901. Mar shampla, ní bhíonn ítim fisiceach go buan i ríomhairí candamacha atá bunaithe ar scéimeanna fótónacha ar féidir é a aithint mar chandamghiotán. Gintear na candamghiotáin fhótónacha agus an ríomhaire ag feidhmiú agus caitear i leataobh iad ina dhiaidh sin.*

3. *Áirítear ar na hítimí a shonraítear in 4A1901 leathsheoltóirí, forsheoltóirí agus sliseanna candamghiotáin fótónacha agus eagair sliseanna; eagair ianghaiste; teicneolaíochtaí gaibhniúcháin candamghiotáin eile; agus idirnaisc chomhleanúnacha idir na heilimintí sin.*

4. *Tá feidhm ag 4A1901 maidir le hítimí atá deartha chun candamghiotáin lonnaithe ríomhaire chandamaigh a chalabrú, a thúsú, a ionramháil nó a thomhas.*

Nótaí teicniúla:

Chun críocha 4A1901:

1. *Is é is candamghiotán fisiceach ann córas candamach dhá leibhéal a úsáidtear chun bunaonad na loighce candamaí a léiriú trí ionramhálacha agus trí thomhais nach gceartaítear a n-earráidí. Tá difríocht idir candamghiotáin fhisiceacha agus candamghiotáin loighciúla sa mhéid is gur candamghiotáin earráidcheartaithe iad na cinn dheireanacha atá comhdhéanta de roinnt candamghiotáin fhisiceacha.*
2. *Ciallaíonn rialaithe go hiomlán gur féidir an candamghiotán fisiceach a chalabrú, a thúsú, a gheatú agus a léamh amach, de réir mar is gá.*
3. *Ciallaíonn nasctha gur féidir oibríochtaí geata dhá chandamghiotán a dhéanamh idir aon phéire treallach de na candamghiotáin fhisiceacha fheidhmiúla atá ar fáil. Ní gá go mbeadh nascacht 'uile-go-huile' i gceist leis sin.*
4. *Ciallaíonn feidhmiúil go gcomhlíonann an candamghiotán fisiceach feidhmeanna oibre ríomhaireachtúla candamacha uilíocha de réir shonraíochtaí an chórais maidir le tomhais toirte agus toillte, i gcomhréir le dílseacht oibríochtúil candamghiotáin.*
5. *Tagraíonn tacú le 34 chandamghiotán fhisiceacha fheidhmiúla atá rialaithe go hiomlán, nasctha, nó níos mó, do chumas ríomhaire chandamaigh an fhaisnéis chandamach atá cuimsithe i 34 chandamghiotán fhisiceacha nó níos mó a theorannú, a rialú, a thomhas agus a phróiseáil.*
6. *Is é is earráid C-NOT ann an ghnáthearráid gheata fhisicigh maidir leis na geataí Rialaithe-NOT (C-NOT) is gaire do dhá chandamghiotán fhisiceacha.*

4A1906 ([50])

Arna eisiúint ag an bhFrainc ([51])

Faisnéis bhreise:

Tuairisc ar na hítimí rialaithe:

Ríomhairí candamacha agus 'cóimeálacha leictreonacha' gaolmhara agus comhpháirteanna lena n-aghaidh, mar seo a leanas:

a. Ríomhairí candamacha, mar seo a leanas:

   1. Ríomhairí candamacha a thacaíonn le 34 'chandamghiotán fhisiceacha' nó níos mó ach níos lú ná 100 ceann acu, atá 'rialaithe go hiomlán', 'nasctha' agus 'feidhmiúil' agus a bhfuil 'earráid C-NOT' acu, ar lú í ná 10^{-4} nó arb ionann í agus sin;

   2. Ríomhairí candamacha a thacaíonn le 100 'candamghiotán fisiceach' nó níos mó ach níos lú ná 200 ceann acu, atá 'rialaithe go hiomlán', 'nasctha' agus 'feidhmiúil' agus a bhfuil 'earráid C-NOT' acu ar lú í ná 10^{-3} nó arb ionann í agus sin;

   3. Ríomhairí candamacha a thacaíonn le 200 'candamghiotán fisiceach' nó níos mó ach níos lú ná 350 ceann acu, atá 'rialaithe go hiomlán', 'nasctha' agus 'feidhmiúil' agus a bhfuil 'earráid C-NOT' acu ar lú í ná $2x10^{-3}$ nó arb ionann í agus sin;

   4. Ríomhairí candamacha a thacaíonn le 350 'candamghiotán fisiceach' nó níos mó ach níos lú ná 500 ceann acu, atá 'rialaithe go hiomlán', 'nasctha' agus 'feidhmiúil' agus a bhfuil 'earráid C-NOT' acu ar lú í ná $3x10^{-3}$ nó arb ionann í agus sin;

([50]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 4A906.

([51]) Ordú an 2 Feabhra 2024 maidir le honnmhairiú earraí agus teicneolaíochtaí a bhaineann le ríomhairí candamacha agus a dteicneolaíochtaí cumasúcháin chuig tríú tíortha, agus onnmhairiú trealaimh chun comhpháirteanna ardfhorbartha leictreonacha a dhearadh, a fhorbairt, a tháirgeadh, a thástáil agus a iniúchadh.

5. Ríomhairí candamacha a thacaíonn le 500 ‘candamghiotán fisiceach’ nó níos mó ach níos lú ná 700 ceann acu, atá ‘rialaithe go hiomlán’, ‘nasctha’ agus ‘feidhmiúil’ agus a bhfuil ‘earráid C-NOT’ acu ar lú í ná $4x10^{-3}$ nó arb ionann í agus sin;

6. Ríomhairí candamacha a thacaíonn le 700 ‘candamghiotán fisiceach’ nó níos mó ach níos lú ná 1 100 ceann acu, atá ‘rialaithe go hiomlán’, ‘nasctha’ agus ‘feidhmiúil’ agus a bhfuil ‘earráid C-NOT’ acu ar lú í ná $5x10^{-3}$ nó arb ionann í agus sin;

7. Ríomhairí candamacha a thacaíonn le 1 100 ‘candamghiotán fisiceach’ nó níos mó ach níos lú ná 2 000 ceann acu, atá ‘rialaithe go hiomlán’, ‘nasctha’ agus ‘feidhmiúil’ agus a bhfuil ‘earráid C-NOT’ acu ar lú í ná $6x10^{-3}$ nó arb ionann í agus sin;

8. Ríomhairí candamacha a thacaíonn le 2 000 ‘candamghiotán fisiceach’ nó níos mó atá ‘rialaithe go hiomlán’, ‘nasctha’ agus ‘feidhmiúil’;

b. Feistí candamghiotáin agus ciorcaid chandamghiotán ina bhfuil eagair de ‘chandamghiotáin fhisiceacha’ nó a thacaíonn leo, agus atá saindeartha le haghaidh earraí a shonraítear in 4A1906.a;

c. Comhpháirteanna rialaithe candaim agus feistí tomhais candaim atá saindeartha le haghaidh ítimí a shonraítear in 4A1906.a;

Nótaí:

1. *Tá feidhm ag 4A1906 maidir le ríomhairí candamacha samhla ciorcaid (nó geatabhunaithe) agus ríomhairí candamacha aonbhealaigh (nó tomhasbhunaithe). Níl feidhm ag an iontráil seo maidir le ríomhairí candamacha aidiabatacha (nó ainéaladh).*

2. *Ní gá go mbeadh aon chandamghiotán go fisiceach in ítimí a shonraítear in 4A1906. Mar shampla, ní bhíonn ítim fisiceach go buan i ríomhairí candamacha atá bunaithe ar scéimeanna fótónacha ar féidir é a aithint mar chandamghiotán. Gintear na candamghiotáin fhótónacha agus an ríomhaire ag feidhmiú agus caitear i leataobh iad ina dhiaidh sin.*

3. *Áirítear ar na hítimí a shonraítear in 4A1906.b leathsheoltóirí, forsheoltóirí agus sliseanna candamghiotáin fótónacha agus eagair sliseanna; eagair ianghaiste dromchla; teicneolaíochtaí gaibhniúcháin candamghiotáin eile; agus idirnaisc chomhleanúnacha idir na hítimí sin.*

4. *Tá feidhm ag 4A1906.c maidir le hítimí atá deartha chun candamghiotáin chónaitheacha ríomhaire chandamaigh a chalabrú, a thúsú, a ionramháil nó a thomhas.*

Nótaí Teicniúla:

1. *Is é is ‘candamghiotán fisiceach’ ann córas candamach dhá leibhéal a úsáidtear chun bunaonad na loighce candamaí a léiriú trí ionramhálacha agus trí thomhais nach gceartaítear a n-earráidí. Déantar ‘candamghiotáin fhisiceacha’ a idirdhealú ó chandamghiotáin loighciúla, sa mhéid is gur candamghiotáin atá ceartaithe ó thaobh earráidí de iad candamghiotáin loighciúla atá comhdhéanta de go leor ‘candamghiotáin fisiceacha’.*

2. *Ciallaíonn ‘rialaithe go hiomlán’ gur féidir an ‘candamghiotán fisiceach’ a chalabrú, a thúsú, a gheatú agus a léamh amach, de réir mar is gá.*

3. *Ciallaíonn ‘nasctha’ gur féidir oibríochtaí geata dhá chandamghiotán a dhéanamh idir aon phéire treallach de na ‘candamghiotáin fhisiceacha’ ‘fheidhmiúla’ atá ar fáil. Ní gá go mbeadh nascacht uile-go-huile i gceist leis sin.*

4. *Ciallaíonn ‘feidhmiúil’ go ndéanann an ‘candamghiotán fisiceach’ obair ríomhaireachta chandamach uilíoch de réir shonraíochtaí an chórais maidir le dílseacht oibríochtúil chandamghiotán.*

5. *Tagraíonn tacú le 34 nó níos mó ‘candamghiotáin fhisiceacha’ ‘fheidhmiúla’ ‘nasctha’ atá ‘rialaithe go hiomlán’, do chumas ríomhaire chandamaigh an fhaisnéis chandamach atá cuimsithe i 34 ‘chandamghiotán fhisiceacha’ nó níos mó a theorannú, a rialú, a thomhas agus a phróiseáil.*

6. *Is éard atá i gceist le ‘earráid C-NOT’ meánearráid an gheata fhisicigh do na geataí dhá ‘chandamghiotán fhisiceacha’ is gaire don dá ‘chandamghiotán fhisiceacha’ Rialaithe-NOT (C-NOT).*

4D Bogearraí

4D1901.b.3 ([52])

Arna eisiúint ag an bhFrainc ([53])

Faisnéis bhreise:

Tuairisc ar na hítimí rialaithe:

'Bogearraí' atá saindeartha nó sainmhodhnaithe chun ítimí atá sonraithe in 4A1906.b nó 4A1906.c a 'fhorbairt' nó a 'tháirgeadh'.

4E Teicneolaíocht

4E1901 ([54])

Arna eisiúint ag an Spáinn ([55])

Faisnéis bhreise:

Tuairisc ar na hítimí rialaithe:

Teicneolaíocht chun ríomhairí candamacha, feistí candamacha agus ciorcaid chandamghiotáin a fhorbairt nó a tháirgeadh, chomh maith le comhpháirteanna candamacha tomhais agus rialaithe a shonraítear in 4A1901.

4E1902.b.3 ([56])

Arna eisiúint ag an bhFrainc ([57])

Faisnéis bhreise:

Tuairisc ar na hítimí rialaithe:

'Teicneolaíocht' de réir bhrí an Nóta Ghinearálta maidir le Teicneolaíocht in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán maidir le 'forbairt' nó 'táirgeadh' ítimí a shonraítear in 4A1906.b nó 4A1906.c.

([52]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 4D901.b.3.

([53]) Ordú an 2 Feabhra 2024 maidir le honnmhairiú earraí agus teicneolaíochtaí a bhaineann le ríomhairí candamacha agus a dteicneolaíochtaí cumasúcháin chuig tríú tíortha, agus onnmhairiú trealaimh chun comhpháirteanna ardfhorbartha leictreonacha a dhearadh, a fhorbairt, a tháirgeadh, a thástáil agus a iniúchadh.

([54]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 4.E.901.

([55]) Iarscríbhinn III.5 a ghabhann le Foraithne Ríoga 679/2014 an 1 Lúnasa 2014, a tháinig i bhfeidhm an 7 Meitheamh 2023.

([56]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 4E901.b.3.

([57]) Ordú an 2 Feabhra 2024 maidir le honnmhairiú earraí agus teicneolaíochtaí a bhaineann le ríomhairí candamacha agus a dteicneolaíochtaí cumasúcháin chuig tríú tíortha, agus onnmhairiú trealaimh chun comhpháirteanna ardfhorbartha leictreonacha a dhearadh, a fhorbairt, a tháirgeadh, a thástáil agus a iniúchadh.